

4. SCÉALAÍOCHT AGUS TAIRNGREACHT

Tráthnóna beag ribeach colgach i dtús an gheimhridh a bhí ann. Bhí an teaghlach cruinn fán tine; an t-athair ag cóiriú eangach, an mháthair ag cleiteáil, agus an mháthair mhór ag scéalaíocht.

'A mháthair mhór,' arsa Séimí, 'inis scéal dúinn anois a mbeidh rud inteacht ann fá thaibhsí—scéal uafásach inteacht.'

'Him,' arsa an mháthair, 'Gabhaim orm Séimí gur taibhsí a gheofar ina bhéal. Tá na páistí eile millte aige. Cha lig an eagla dóibh a ghabháil taobh amach de dhoras ó rachas sé ó sholas. Tá a gcroí amuigh ar a mbéal leis an uaigneas, agus sin cuid taibhseoireachta Shéimí agaibh.'

'Seo, a mháthair mhór, ná tabhair aird ar mo mháthair,' arsa Séimí.

'Goidé a inseoidh mé?' arsa an tseanbhean. 'An ndéanfaidh Cnochúr an Dá Chaorach gnoithe?'

'Maise, níl dúil agam féin sna cailleacha sin a bhfuil an cár scrábach acu,' arsa Éamonn.

'Inseoidh mé scéal *Iníon Rí Chnoc an Óir*,' ar sise.

'Ar dhóigh inteacht níl dúil agamsa sa scéal sin,' arsa duine eile. 'Títheas domh go bhfuil sé ró-thruacánta, an dóigh ar chaill an gaiscíoch an geall nuair a bhí an gábha 'chóir a bheith thairis aige.'

'Sin mar atá an saol i gcónaí, a pháistí dílse,' arsa an tseanbhean. 'Cailleann duine an geall i gcónaí nuair a shíleas sé é a bheith i gcúl a dhoirn aige.'

'Cad chuige nár fhan seisean amach as an cheo?' arsa duine eile. 'Nár hinseadh dó go raibh an ceo ansin, agus nár hiarradh air fanacht amach uaidh, nó gur ann a baineadh an bhean dá deachaigh roimhe?'

'Níl maith a bheith ag iarraidh orainn coinneáil amach as an cheo,' arsa an tseanbhean. 'Ní thig ár súile a dhéanamh dúinn. Ach anois goidé a inseoidh mé?'

'Inis scéal *Chathair na Lasrach*,' arsa Éamonn. 'Is maith liom féin a chluintsin an dóigh ar imigh Laoch Dhúnán Sáimh ar bharr na dtonn i gcurach a thabhairt tarthála ar Mhaighdean na nÓrfholt a bhí gaibhte ag Fathach na Seacht gCeann i gCathair na Lasrach.'

'Maith go leor,' arsa an tseanbhean.

'Ách, nā hiniis, a mháthair mhór,' arsa Séimí. Is deise scéal *Inis Dhún Rámha*.'

'Maise, tí Muire an t-eagar a bhfuil mé ann anocht ag na páistí sin,' arsa an tseanbhean. 'Gan ann ach a scéal féin a dhíth ar 'ach aon duine! Níl sásamh le déanamh oraibh.'

'Tú féin is ciontaí,' arsa an mháthair, ag tógáil lúb ar lár ina stocaí. 'Scéalaíocht tús agus deireadh do chomhrá. Tá na páistí amú agat, ó chaithfidh mé a rá leat. Níor amharc aon duine dár thóg mé riamh, níor amharc sin ar leabhar sa bhaile ón lá a chuaigh an chéad duine acu chun na scoile go dtí an lá a bhfuil inniu ann. Ach a n-úil ar scéalaíocht is ar amaidí; ach oiread is dá mbítheá ag dúil go rachadh do chuid scéalaíochta ar sochar dóibh nuair a thioctas orthu a ghabháil amach Bun an Eargail. Sin Séimí ansin agus chan fhuil aon fhocal Béarla ina phluic ach oiread is a bheadh ag Pádraig Dubh nó ag Pincín dá maireadh siad. Char thuig sé an seisiú cuid déag de sheanmóir an easpaig an lá a baisteadh é.'

'Seo, a mháthair,' arsa Séimí, 'lig di scéal amháin a inse dúinn, agus foghlaimeoidh mise mo laisín 'ach aon oíche feasta.'

'Foghlaimeoidh tú an diabhal i bpocán,' arsa an mháthair. 'Is maith uilig iad ach thusa.'

'Tá mo laisín agam féin go maith ar scor ar bith,' arsa Éamonn. 'Bhí 'fhios agam *God Save the Queen* ar mo theanga inniu nuair a chuir an máistir amach orainn é.'

'Is fada go raibh sin le rá ag Séimí,' arsa an mháthair.

'Seo, anois,' arsa an tseanbhean, 'nach colgach an mhaise duit é le Séimí, agus gurb é ábhar an fhir is fearr agat é?'

nippins
biting scall

fish
her

raysel
set of
teeth
p. 100

sharp, little teeth

Christie

úil -
attention
to their
benefit

School
lesson

women
with
give tongue
the devil
and
all

pocán -
apple bag

'Maise, d'fhág sin don chuid eile acu é,' arsa an mháthair.

Ní thug an tseanbhean freagra ar bith uirthi ach toiseacht a dh'inse scéil *Inis Dhún Rámha*. Agus a mhic na n-anam, ba é sin an scéal ag páistí! Dar leat go bhfaca tú 'ach aon rud fút. Chonaic tú an t-oileán thall ag bun na spéire agus braillíneacha de néalta dubha crochta os a chionn. Bhí tú ag éisteacht le tuaim na dtonn, le feadalach na róna, le boilgearnach na péiste móire, agus le srannfach na muice mara. Bhí tú ag amharc ar na barróga geala le solas báiteach na gealaí, agus an bád sí fá shiúl ghéar ina rith thart leis an chladach, agus Maighdeog na Coilleadh Léithe á stiúradh.

Bá bhreá amach an scéalaí an tseanbhean. Ní thiocthadh leat gan éisteacht léi agus gan amharc uirthi. An oíche seo bhí sí ina suí ar shúgán sa chlúdaigh, bearád spéire de línéadach uirthi a bhí chomh geal le canach an tsléibhe, imeall a gruaige ris faoi na méir, agus gan í mórán i ndiaidh an bhearáid le gile. Nuair a chríochnaigh sí *Inis Dhún Rámha* thoisigh sé ar Fhiannaíocht. Tharraing sí uirthi an lá a tháinig Arrachta Bhinn an Ghoib a chur chomhraic ar an Fhéinn, agus dhreasaigh na Fianna an chonairt ann. Dar le a raibh ag éisteacht go bhfaca siad an fathach ina sheasamh maol tarnocht in íochtar an ghleanna agus na gadhair sna rua-reatha ag tarraingt air. D'fhág an t-athair uaidh an snáthadán a raibh sé ag fíodóireacht na heangaí leis. Lig an mháthair do na dealgáin titim ina hucht. D'inis an tseanbhean léi nó go silfeá go gcuala tú glaimneach na conairte, agus gair na laoch, agus gliogar na gclaimhte, agus díoscarnach na sleanntrach.

'M'anam do Dhia, ba cheart Bran,' arsa an t-athair, ag cur dealáin ar a phiopa.

'Inis cuid den tairngreacht anois,' arsa Séimí.

Thoisigh sí. Ba dual don chogadh dheireanach a bheadh ar an domhan—sin Cogadh an Dá Ghall—ba dual dó a theacht san fhómhar, eadar speal is corrán. Bhí crainn le a

bheith ag fás ar thaobhanna na mbealach mór agus gan snáithe duilliúir orthu. Bhí droichid le a bheith ar na srutháin, agus bhí Béarla le a bheith ag tuataí chomh maith le cléir.

'Agus, a mháthair mhór, nach bhfuil rud inteacht inti fá Ros Scaite seo thíos?'

'Tá, ar ndóigh. Le linn na bhFear Líofa Donn beidh an tonn fríd Ros Scaite.'

'Agus cé hiad na Fir Líofa Dhonna?'

'Sin ceist. Siúd is go gcuala mé Micheál an Osáin á rá go bhuil dream de fhéara líofa le a theacht agus gur dual dóibh toit a bhaint as Sasain.'

'Tá eagla orm,' arsa an t-athair, 'go mbeidh siad tamall gan toit a bhaint aisti, mar Shasain, agus gan acu ach maide an phota agus an tuairgnín. Tá Sasain neartmhar agus tá cuma uirthi go mbeidh sí mar sin.'

'Chan abraim sin,' arsa an tseanbhean. 'Nach minic a chuala tú an cheathrú cheoil udaí a bhí ag an Phíobaire Mhór:

Threascair an saol agus shéid an ghaoth mar smál
Alastram, Caesar 's an méid a bhí ina bpáirt;
Tá an Teamhair 'na féar agus féach an Traoi mar tá,
Agus Sasanaigh féin b'fhéidir go bhfaighidís bás.

'Mar sin de tiocfaidh a lá, mar Shasain. Deir siad gur dual di a bheith chomh láidir le leon craosach ar maidin agus chomh lag le héan i mbarrach tráthnóna.'

'Agus, a mháthair mhór,' arsa Séimí, 'goidé fán tSiochaimh Bhradach?'

'Tá sin le a theacht roimh an chogadh dheireanach,' arsa an tseanbhean. 'Is dual don tSiochaimh Bhradach an t-athair agus an mac a chur in aghaidh a chéile. Dloifaidh cuid dá clainn Éire ar a mbolg, agus beidh spíodóirí ar cheann 'ach aon aird.'

'Agus goidé mar shocrófar na gnoithe ansin?'

'Tá,' arsa an tseanbhean, 'tiocfaidh líne eile aníos a

bubbling

white
crisped
wavesfate,
water ybog
cottonbare
exposeddown
logsling
slabs,

slates?

natural

between any natural
harvesting seasons
(Between September and October)

imeoras a gcleas dh'aon taobh. Ag Dún Cruitín a shocrófar an scéal, cibé a bheas beo i ndiaidh an lae sin. Creidim nach mbíonn mórán:

Dún Cruitín, Dún Cruitín, fá mbuailfear smitín,
Ba mhéanra bheadh i dtús an reatha
I ndiaidh chatha Dhún Cruitín.'

'Seo, seo, tá a bhfuil sa teach amú ag do chuid scéalta,'
arsa an mháthair. 'Níl deánta go fóill agam ach an béal
beag ar an stocáí ba cheart a bheith ag drud an mhill
agam.'

meall
ball